# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

---

## GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

**(120 marc)**

---

**AOINE, 11 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

---

Thall →

**ROINN I - PRÓS LITEARTHA [30 marc]**

**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B**.

[ *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*. ]

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

# An Cháis sa *Ghaiste

(Tá Sorcha ag obair i nGailearaí na Cathrach i mBaile Átha Cliath. I ngan fhios di tá an stiúrthóir, Dáithí, a raibh sí mór leis uair amháin, agus an preasoifigeach, Nicola, ag obair lámh ar láimh le ciorcal coirpeach idirnáisiúnta a ghoideann agus a dhíolann pictiúir luachmhara. Imíonn Dáithí agus Nicola ar ghnó agus ar saoire thar sáile. Tamall gearr ina dhiaidh sin maraítear Nicola i gCaireo. Ceapann na póilíní agus na Gardaí go raibh lámh ag Dáithí sa dúnmharú. Téann siad ar a thóir. Filleann Dáithí abhaile agus déanann socrú chun bualadh le Sorcha ina teach féin. Úsáideann na Gardaí an deis seo chun é a ghabháil. Is bleachtaire Dúitseach é Hans atá ag cabhrú leis na Gardaí.)



**1.** D'fhan Sorcha ina suí sa chistin, bhí a fhios aici go raibh na Gardaí mórthimpeall uirthi. Bhí siad i bhfolach sa ghairdín, thuas staighre agus faoin staighre. Bhí Hans ann chomh maith ach ní raibh a fhios aici cá raibh sé. Bhí éadaí dubha orthu go léir. Bhí an téipthaifeadán ar siúl cheana féin mar bhí gach aon seans ann go labhródh Dáithí go hoscailte léi faoi gach rud.

**2.** Bhí sí ag caitheamh gúna bhuí. Bhí smideadh ar a haghaidh aici. Bhí sí réidh do Dháithí. D'oscail sí cúldoras na cistine agus d'fhéach sí amach. Oíche gheal a bhí ann, bhí an ghealach lán. "Staic-staic-staic," a chuala sí ón ngléas éisteachta a bhí á iompar ag duine de na Gardaí. Tháinig fothram ard as a mála ar an mbord sa chistin. D'imigh sí isteach arís agus labhair sí isteach ann. "Cloisim sibh. Tá mé ceart go leor." "Staic-staic-staic," a chuala sí ag teacht anuas an staighre. Thóg sí a gléas féin amach. Hans a bhí ann. "Hans, níl éinne anseo. Tá mé ceart go leor. Tá mé ag fanacht," a dúirt sí i gcogar. "Tá mé in ann gach rud a chloisteáil. Ná bí buartha," a dúirt Hans go séimh tuisceanach léi.

**3.** De réir a chéile, stop na gléasanna. Bhí siad go léir ciúin. Stop Sorcha os comhair fhuinneog na cistine. Cheap sí go bhfaca sí rud éigin ag bogadh in aice an chrainn bhig sa ghairdín lasmuigh. Chonaic sí géaga an chrainn ag luascadh. Bhí a croí ag preabadh. Bhí sí ag éirí neirbhíseach. Chuala sí duine éigin ag déanamh casachta. Chas sí timpeall agus d'fhéach sí go géar ar an gcúldoras. Bhí duine éigin ag breathnú isteach tríd an ngloine uirthi. "Lig isteach mé agus ná déan moill." Shiúil sí trasna go dtí an doras agus d'oscail é. Bhí Dáithí ina sheasamh sa dorchadas. "Tar isteach agus brostaigh ort mar tá go leor strainséirí thart anocht," a dúirt sí. Chuaigh siad isteach go dtí an seomra suite. "Bhí a fhios agam go bhféadfainn brath ort, go mbeifeá mar chara buan agam. Abair liom nach gcreideann tú na ráflaí," a dúirt Dáithí. "Ní chreidim, ach d'imigh tú ar saoire le Nicola, agus maraíodh í," a d'fhreagair Sorcha. "Bhuel, sin scéal casta agus níl an t-am agam chun é a mhíniú duit anois," arsa Dáithí.

**4.** Leis sin thit rud éigin thuas staighre agus léim Dáithí. D'fhéach sé go fíochmhar ar Shorcha, rug greim uirthi go dtí gur ghortaigh sé í. "Cheap mé go raibh tú dílis," a dúirt sé. "Stad, stad," a d'iarr Sorcha air. "Bhí mé dílis duit, fiú nuair a d'imigh tú le Nicola", ar sí agus crith ina glór le heagla. "Dún do chlab a óinseach," a dúirt Dáithí. "Tá tusa ag teacht liomsa," agus thóg scian as a phóca.

**5.** Leis sin léim Hans anuas ó bharr an staighre síos ar Dháithí. Rug sé greim air. Rinne Dáithí iarracht Hans a shá leis an scian. Chuala Sorcha urchar. Thit an scian ar an urlár. Bhí gunna ina láimh ag Hans. Shleamhnaigh Dáithí síos ar an urlár. Bhí a lámh ag cur fola. Thosaigh sé ag caoineadh. "Tusa," a dúirt sé ag féachaint ar Shorcha, "bhí a fhios agam go ligfeá síos mé," a bhéic sé. "Tá mé gafa anois acu," a dúirt sé, "gafa."

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal **Sorcha sa Ghailearaí** le **Catherine Foley**)

*Cuirtear cáis sa **ghaiste** chun an luch a mhealladh agus chun breith air.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá rud**, atá luaite **Alt 1**, a thabharfadh le fios don léitheoir go raibh gnó éigin as an ngnáth ar siúl i dteach Shorcha.

**(ii)** Deirtear go raibh Sorcha 'ag éirí neirbhíseach.' Breac síos **dhá phointe** eolais ó **Alt 3** a léiríonn an méid sin.

**(iii)** Conas a fuair Hans an lámh in uachtar ar Dháithí?
(Is leor **dhá phointe** eolais ó **Alt 5**.)

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhain le Dáithí mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** Bhí Sorcha mór le Dáithí uair amháin. An dóigh leat go léirítear é sin sa phíosa?
(Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** An teideal maith é **An Cháis sa Ghaiste**, dar leat? Cuir **dhá fháth** le do thuairim.

---

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach nó mar sin i do fhreagra.)**
**(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin i gceist ann. Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Greann (b) Brón (c) Misneach (d) Eagla (e) Éad (f) Grá

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

(**Nóta**: I gcás **A** nó **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

**Thall →**

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó **B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad.)**

**Rúin na Farraige**

Cois farraige anocht d'eitil éin,
dallta leis an oíche, i m'éadan,
ag bualadh m'aghaidhe lena sciatháin,
bhraith mé mar aisteoir Hitchcock.

Ní raibh an chuma orthu go raibh siad
cleachtaithe leis an muir,
iad ar strae go hiomlán,
chuir cogarnaíl na dtonnta faitíos orthu.

Trasna an chuain lonraigh na soilse,
faoi dheireadh d'aimsigh na héin a slí abhaile
ó nod éigin ón uisce. Liom féin ar an trá
d'éistíos le rúin na farraige.

(le **Colette Nic Aodha**)

**Gluais:**
**(L.4)** tagairt don scannán *The Birds*
**(L.8)** cogarnaíl: caint os íseal
**(L.11)** nod: leid/comhartha

**Ceol na Farraige**

Bhí mé ag siúl liom féin ar ché Dhún Laoghaire,
cuan Bhaile Átha Cliath ag éirí aníos chugam

as ceo na maidine agus Binn Éadair lena ceann
críonna ag sméideadh orm trasna an bhá.

Go tobann, gan aon choinne agam leis, tháinig ceol
chugam ó chúl an teach solais ag deireadh an ché.

Lean mé mo chluasa gur aimsigh mé an fhoinse,
faoileán fiosrach ar garda os cionn raidió,

é ag piocadh le fonn ar na cnaipí agus ceol sí
ag ardú is ag ísliú, ag ísliú is ag ardú ar an ngaoth.

(le **Pilib Ó Brádaigh**)

**Gluais:**
**(L.3)** Binn Éadair: cnoc agus ainm áite
**(L.4)** críonna: ciallmhar le haois
**(L.4)** ag sméideadh orm: ag beannú dom
**(L.7)** foinse: an áit as a raibh an ceol ag teacht
**(L.9)** ceol sí: ceol a dhéanann na sióga

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** Cad a tharla don bhfile sa dán *Rúin na Farraige* agus conas a bhraith sí ansin? (**Línte 1 – 4**)

**(ii)** Cá raibh an file ag siúl sa dán *Ceol na Farraige* agus cén t-am den lá atá i gceist? (**Línte 1 – 4**)

**(iii)** Cad a chonaic an file nuair a lean sé a chluasa sa dán *Ceol na Farraige*?
Cén fáth a raibh an ceol 'ag ardú is ag ísliú'? (**Línte 7 – 10**)

### B ( Léirthuiscint )

**(i)** Cén fáth a ndeachaigh na héin ar strae sa dán *Rúin na Farraige*? Conas a 'd'aimsigh siad a slí abhaile'? (**Línte 5 – 12**)

**(ii)** Luaigh **difríocht amháin** agus **cosúlacht amháin** atá idir an dá dhán.

**(iii)** Cé acu den dá dhán is fearr leat? (Is leor **dhá fháth** a lua.)

---

**Ceist 2**. Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo thíos i gceist ann. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Uaigneas (b) Fearg (c) Áthas (d) Frustrachas (e) Grá (f) Éad

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

**Thall** →

## ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[ I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**A** **(10 marc)**


Léigh an sliocht seo a leanas (as ***The Irish Times***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Reibiliúnach óg a bhfuil rud éigin le rá aici

Chonaic an pobal mór Amy Studt den chéad uair in 2002 nuair a bhí sí ar *Top of the Pops* agus gan í ach sé bliana déag d'aois. Ó shin i leith tá cáil bainte amach aici di féin leis an singil *Misfit* agus leis an albam *False Smiles*.

Scríobhann sí a cuid amhrán féin, iad bunaithe ar a taithí ar an saol. Ar an albam *False Smiles* labhraíonn sí faoi bhulaíocht, an bhulaíocht a d'fhulaing sí féin ó scaifte de chailíní nuair a bhí sí ag freastal ar scoil chónaithe.

Admhaíonn Amy go raibh sí trioblóideach mar dhéagóir óg ach tháinig sí as. Tugann sí comhairle do dhéagóirí labhairt le daoine fásta go macánta faoina gcuid fadhbanna. Má dhéanann siad é seo féachfar orthu mar dhaoine fásta seachas mar pháistí. Cinnte is reibiliúnach óg í Amy Studt a bhfuil rud éigin le rá aici leis an saol mór agus cúis mhaith aici leis, dar léi féin.



**(i)** Deirtear go bhfuil amhráin Amy bunaithe ar a taithí ar an saol. Cén sampla de seo a luaitear?

**(ii)** Cén chomhairle a thugann Amy do dhaoine óga?

**B** **(10 marc)**

Léigh an fógra seo a leanas (de chuid **eircom.net**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Ag Scimeáil ar an Idirlíon

Má tá tú ag smaoineamh ar dhul ar laethanta saoire níor mhiste dul ar-líne roimh ré ag www.eircom.net/travel, á thiomáint ag ***go-hop.ie***. Gheobhaidh tú gach eolas ansin faoi na cinn scríbe móra, na táillí, na hamanna agus faoin a bhfuil ar fáil sula ndéanann tú d'intinn suas faoi do chéad sos eile.

Ag www.eircom.net/travel is féidir eitiltí agus óstáin a chur in áirithe. Ag www.eircom.net/travel is féidir eolas a fháil mar gheall ar cén saghas aimsire atá ag an gceann scríbe agus cad iad na háiseanna atá ar fáil ann agus na himeachtaí a bheidh ar siúl le linn do shaoire.

Is ciallmhaire go mór an t-eolas seo a fháil roimh ré ionas nach mbeidh díomá ort nuair a bhainfidh tú do cheann scríbe amach. Le cabhair ó www.eircom.net/travel braithfidh tú go bhfuil do cheann scríbe bainte amach agat cheana féin.



**(i)** Cén uair a bhainfeá úsáid as www.eircom.net/travel?


**(ii)** Cé fáth gur ciallmhaire go mór an t-eolas a fháil roimh ré?

## C

Léigh an sliocht seo a leanas (as **Foinse**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(10 marc)**

# Téacsteachtaireachtaí

Tá fón póca ag breis agus trí mhilliún duine sa tír seo faoi láthair. Cuirimid seachtó hocht téacsteachtaireachtaí, ar an meán, chuig a chéile in aghaidh na míosa. Is daoine san aoisghrúpa 15-24 bliana is mó a bhaineann úsáid as an meán cumarsáide seo.



Is ag díriú ar an margadh sin a bhí *Bus Átha Cliath* nuair a sheol siad an tseirbhís *BusText* an bhliain seo caite. Anois is féidir le paisinéirí gach eolas faoi chlár ama na mbusanna ar bhealaí uile *Bhus Átha Cliath* a fháil tríd an gcóras téacsteachtaireachta ar a bhfóin phóca.

Scríobhann tú uimhir an bhus agus an t-am a bhfuil bus uait (m.sh *Bus 19A 1830*) agus cuireann tú é chuig *53503* agus faigheann tú freagra ar ais ag tabhairt amanna imeachta an chéad thrí bhus eile thart faoi *1830* ó lár na cathrach. Má chuireann tú *tmrw* leis an teachtaireacht (m.sh *Bus 11A 2030 tmrw*) gheobhaidh tú eolas faoin tseirbhís a bhaineann leis an lá dár gcionn.


**(i)** Cén margadh a raibh *Bús Átha Cliath* ag díriú air nuair a sheol siad *BusText* anuraidh?

**(ii)** Cén t-eolas a gheobhaidh an paisinéir má chuireann sé *tmrw* lena theachtaireacht?

## D

Déan staidéar ar an sliocht athchóirithe seo a leanas (as alt in ***Lá***) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**. Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo:
"Bearna **(1)** = craobh", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh. **(10 marc)**

# Roger agus Juliette



An dóigh leat go mbuafaidh Roger Federer **(1)** Wimbledon arís i mbliana? Má bhuann sé cad é a bhronnfaidh a **(2)** féin air san Eilbhéis? An bhliain seo caite, nuair a d'imigh sé abhaile agus é **(3)** churadh úr ó Wimbledon, baineadh **(4)** as le linn dó bheith ag glacadh páirte i gcomórtas oscailte Gstaad ina thír **(5)** féin. Ag deireadh chluiche an chéad bhabhta **(6)** bó ar Roger, díreach ansin ar an gcúirt leadóige. Ní raibh sé ag dréim leis sin.

Tá tábhacht nach **(7)** ag baint le ba san Eilbhéis. Bíonn a hainm féin ar gach bó agus tugtar clog do gach bó ar theacht ar an **(8)** di. Juliette an t-ainm atá ar bhó Roger ach ní **(9)** go bhfeicfear í ag cogaint na círe i mboscaí na **(10)** ar thaobh lárchúirt Wimbledon i mbliana agus a haoire Roger ag iarraidh an chraobh a bhuachaint den **(11)** bliain as chéile.

**Liosta focal**: craobh [Bearna (1)]; dara; siar; dhúchais; dócha; bronnadh; ina; beag; n-aíonna; saol; mhuintir.

**Thall** →

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** <u>nó</u> **B** <u>nó</u> **C** anseo. (**Ná gá dul thar <u>leathleathanach</u> i do fhreagra.)**

**<u>A</u>**

Bhí do bhreithlá ann le déanaí. Scríobh **litir** chuig peannchara leat ag insint dó/di i dtaobh na hócáide.

<u>I do litir luaigh</u>

- dáta do bhreithlae agus d'aois anois
- **dhá** rud a rinne tú ar an lá
- na bronntanais a fuair tú
- cuntas ar ghrianghraf, a tógadh ar an lá, agus atá istigh leis an litir.

**<u>B</u>**

Bhí tú i dtrioblóid ar scoil fad a bhí do thuismitheoirí as baile. Scríobh **litir** chucu ag insint dóibh cad a tharla.

<u>I do litir luaigh</u>

- an fáth go raibh tú i dtrioblóid
- an pionós a cuireadh ort
- **dhá chúis** nach raibh tú róshásta leis an bpionós
- pointe ar bith eile i dtaobh na trioblóide.

**<u>C</u>**

Léigh tú léirmheas nó cuntas in *Lá* ar albam nua leis an mbanna ceoil is fearr leat. Scríobh **<u>litir</u>** chuig eagarthóir an nuachtáin sin i dtaobh a raibh san léirmheas sin.

<u>I do litir luaigh</u>

- ainm an albaim agus ainm an bhanna cheoil
- **dhá** mhórphointe a bhí sa léirmheas ar aontaigh tú leo
- **dhá** mhórphointe a bhí sa léirmheas nár aontaigh tú leo.